AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.10.2024
COM(2024) 494 final

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE

## Tuarascáil Cur Chun Feidhme ar Athbhreithniú na Treorach maidir leis an Sásra um Réiteach Díospóidí

## 1. Réamhrá

Le Treoir (AE) 2017/1852 ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2017 maidir le sásraí réitigh díospóidí cánach san Aontas Eorpach[1] (an Treoir maidir leis an Sásra um Réiteach Díospóidí), leagtar amach creat chun díospóidí idir na Ballstáit a réiteach a eascraíonn as léirmhíniú agus cur i bhfeidhm comhaontuithe agus coinbhinsiún idir na Ballstáit lena ndéantar foráil maidir le cánachas dúbailte ioncaim a dhíchur agus, i gcás inarb infheidhme, cánachas dúbailte caipitil a dhíchur.

Cé go raibh sásraí nó ionstraimí ar fáil roimh ghlacadh na Treorach maidir leis an Sásra um Réiteach Díospóidí chun díospóidí áirithe dá bhforáiltear faoi chonarthaí cánach nó faoin gCoinbhinsiún Eadrána (90/436/CEE)[2], d'fhéadfadh sé nach mbainfeadh na hionstraimí sin réiteach éifeachtach ar dhíospóidí den sórt sin amach i ngach cás i dtéarmaí raon feidhme agus/nó ar bhealach tráthúil nó ceangailteach.

Áirithítear leis an Treoir maidir leis an Sásra um Réiteach Díospóidí sásra éifeachtach chun díospóidí lena gcumhdaítear raon feidhme níos leithne a réiteach, ar bhealach tráthúil agus infhorfheidhmithe trí chur chuige trí chéim a bheartú. Ar an gcéad dul síos, aon duine (duine aonair nó cuideachta) a ndéanann ceist atá faoi dhíospóid difear díreach dá chánachas, tá an duine sin i dteideal gearán a chur faoi bhráid gach ceann de na Ballstáit lena mbaineann, agus a iarraidh go réiteofaí díospóid den sórt sin. Ar an dara dul síos, ba cheart do na Ballstáit lena mbaineann a ndícheall a dhéanamh ansin an cheist atá faoi dhíospóid a réiteach trí nós imeachta um chomhaontú frithpháirteach. Ar an tríú dul síos, i gcás ina ndiúltaíonn Ballstát don ghearán nó ina mainníonn sé díospóid a réiteach le linn chéim an nós imeachta um chomhaontú frithpháirteach, beartaítear leis an Treoir coimisiún comhairleach a bhunú chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an diúltú nó tuairim a eisiúint maidir leis an díospóid.

I gcomhréir le hAirteagal 21 den Treoir maidir leis an Sásra um Réiteach Díospóidí, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar chur chun feidhme na Treorach agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid na Comhairle. Mar sin féin, níl ach fianaise theoranta ar fáil faoi láthair maidir le cur i bhfeidhm na Treorach agus níl taithí leordhóthanach faighte ag na Ballstáit uile ar a rialacha a chur i bhfeidhm. Níl gearáin ag aon cheann de na Ballstáit, arna gcur isteach ag na cáiníocóirí, a bhfuil céim an réitigh díospóidí bainte amach acu. Is é an phríomhchúis leis sin go bhfuil feidhm ag an Treoir maidir leis an Sásra um Réiteach Díospóidí maidir le blianta cánach a thosaíonn ar an 1 Eanáir 2018 nó ina dhiaidh sin. Tá rialacha comhlíontachta difriúla ag na Ballstáit maidir le ceanglais chomhdaithe agus measúnuithe a thabhairt chun críche, rialacha maidir le reacht na dtréimhsí agus straitéisí comhlíontachta (e.g. cathain ba cheart iniúchadh a thosú nó cé na blianta cánach ba cheart a chumhdach). Mar shampla, chomhdófaí an tuairisceán cánach don bhliain chánach 2018 in 2019 ar a luaithe. D'fhéadfadh sé nach ndúnfaí iniúchadh cánach lena gcumhdaítear an bhliain chánach 2018 ach in 2023, agus dá bhrí sin d'fhéadfaí gearán a chomhdú as sin amach agus laistigh de 3 bliana (in 2026 ar a dhéanaí). Mar thoradh air sin, níor thosaigh díospóidí a bhféadfaí déileáil leo faoin Treoir maidir leis an Sásra um Réiteach Díospóidí ag teacht chun cinn ach le blianta beaga anuas.

---

1 IO L 265, 14.10.2017, lch. 1–14

2 Coinbhinsiún maidir le cánachas dúbailte a dhíchur i ndáil le brabúis de chuid gnóthas comhlachaithe a choigeartú IO L 225, 20/08/1990, lch. 10.

Cumhdaítear leis an tuarascáil cur chun feidhme seo an tréimhse ó theacht i bhfeidhm tosaigh na Treorach maidir leis an Sásra um Réiteach Díospóidí go dtí seo. Tá sé bunaithe ar shonraí a bailíodh trí chomhairliúchán a bhí ar siúl ón 12 Márta go dtí an 10 Bealtaine 2024 ar shuíomh gréasáin sheirbhísí an Choimisiúin atá freagrach as Cánachas agus Aontas Custaim chomh maith le hionchur a fuarthas ó na Ballstáit faoin gCreat Staidrimh le haghaidh na Treorach maidir leis an Sásra um Réiteach Díospóidí do na blianta cánach 2020-2023 agus comhairliúchán spriocdhírithe leis na Ballstáit a bhí ar siúl ón 14 Márta go dtí an 10 Bealtaine 2024. Ba cheart meastóireacht iomlán a dhéanamh ar an Treoir maidir leis an Sásra um Réiteach Díospóidí a luaithe a bheidh tuilleadh faisnéise agus taithí ar fáil maidir le fíorchásanna, lena n-áirítear cásanna a bhfuil céim an réitigh díospóidí bainte amach acu. Tá an Treoir maidir leis an Sásra um Réiteach Díospóidí faoi raon feidhme iniúchadh leanúnach CIE maidir le hiomaíocht dhíobhálach cánach san Aontas chomh maith.

## 2. Tuairisc ar an Treoir maidir leis an Sásra um Réiteach Díospóidí

Cuireann an Treoir maidir leis an Sásra um Réiteach Díospóidí creat comhordaithe solúbtha ar fáil do na Ballstáit agus treisíonn sí réiteach éigeantach ceangailteach díospóidí san Aontas Eorpach i gcomparáid le rialacha atá go hiomlán náisiúnta agus/nó rialacha a leagtar síos i gcomhaontuithe agus i gcoinbhinsiúin dhéthaobhacha nó iltaobhacha.

Ceadaítear leis nós imeachta um chomhaontú frithpháirteach ('NCF') a thionscnaítear le gearán ón gcáiníocóir faoina gcaithfidh na Ballstáit dul i gcomhar agus teacht ar chomhaontú maidir leis an díospóid faoi chánachas dúbailte laistigh de 2 bhliain. Tá an cinneadh ceangailteach ar na húdaráis inniúla agus is féidir leis an gcáiníocóir/na cáiníocóirí lena mbaineann é a fhorfheidhmiú. Má theipeann ar NCF toisc nár éirigh leis na Ballstáit teacht ar chomhaontú, tá nós imeachta um réiteach díospóidí (céim na headrána) mar thoradh air go huathoibríoch agus eisíonn údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann cinneadh ceangailteach críochnaitheach.

Tugtar achoimre san fhíor thíos ar thrí phríomhchéim nós imeachta na Treorach maidir leis an Sásra um Réiteach Díospóidí:




Fíor 1: Trí phríomhnós imeachta

**Achoimre ar gach céim:**

### 1. An Gearán

Tá feidhm ag an Treoir maidir leis an Sásra um Réiteach Díospóidí maidir le díospóidí idir na Ballstáit a eascraíonn as léirmhínithe agus cur chun feidhme éagsúla ar chomhaontuithe agus ar choinbhinsiúin lena ndéantar foráil maidir le cánachas dúbailte

ioncaim agus, i gcás inarb infheidhme, cánachas dúbailte caipitil a dhíchur, amhail conarthaí cánach déthaobhacha agus an Coinbhinsiún Eadrána, a mbíonn cánachas dúbailte mar thoradh orthu. I bhfianaise an mhéid sin, aon duine dá ndéantar difear, lena n-áirítear daoine aonair, tá siad i dteideal gearán maidir le ceist atá faoi dhíospóid a chur faoi bhráid gach ceann d'údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann d'fhonn teacht ar réiteach.

Is é 3 bliana ón dáta a fhaightear an chéad fhógra faoin ngníomhaíocht a bhfuil cánachas dúbailte mar thoradh uirthi an sprioc-am chun gearán a chur isteach. Tá sé d'oibleagáid ar údarás inniúil gach Ballstáit lena mbaineann a admháil go bhfuarthas an gearán laistigh de 2 mhí ón ngearán a fháil agus na Ballstáit eile lena mbaineann a chur ar an eolas faoi sin. Ceanglaítear ar an duine dá ndéantar difear faisnéis a chur isteach de réir Airteagal 3(3) den Treoir maidir leis an Sásra um Réiteach Díospóidí. Féadfaidh na húdaráis inniúla lena mbaineann faisnéis bhreise a iarraidh laistigh de 3 mhí ón ngearán a fháil. Dá réir sin, ní mór don duine dá ndéantar difear freagra a thabhairt laistigh de 3 mhí ón iarraidh a fháil. Ní mór an cinneadh maidir le glacadh nó diúltú an ghearáin a dhéanamh laistigh de 6 mhí tar éis é a fháil nó laistigh de 6 mhí tar éis faisnéis bhreise a fháil, cibé acu is déanaí, agus ní mór an duine dá ndéantar difear agus údaráis inniúla na mBallstát eile lena mbaineann a chur ar an eolas faoi sin gan mhoill.

Laistigh den tréimhse 6 mhí sin, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann an cheist atá faoi dhíospóid a réiteach ar bhonn aontaobhach, agus cuirfear clabhsúr ar an nós imeachta faoin Treoir maidir leis an Sásra um Réiteach Díospóidí mar thoradh air sin.

**2. NCF**

Mura réitítear an díospóid faoi chéim an ghearáin, téann na Ballstáit lena mbaineann, i gcás ina nglacann siad le gearán, i mbun nós imeachta um chomhaontú frithpháirteach. I gcás nós imeachta um chomhaontú frithpháirteach, ní mór do na Ballstáit a ndícheall a dhéanamh é a thabhairt chun críche laistigh de 2 nó 3 bliana ón bhfógra deireanach maidir leis an gcinneadh glacadh leis an ngearán.

Le hAithris 6, moltar do na Ballstáit roghanna malartacha neamhcheangailteacha maidir le réiteach díospóidí a úsáid, amhail idirghabháil nó idir-réiteach, le linn chéimeanna deiridh thréimhse an nós imeachta um chomhaontú frithpháirteach. Má tá na Ballstáit lena mbaineann in ann an díospóid a réiteach, beidh an cinneadh ceangailteach ar na Ballstáit faoi réir chomhaontú an cháiníocóra/na gcáiníocóirí agus an ceart chun aon réiteach eile a thréigean. In éagmais comhaontaithe laistigh den tréimhse ama a léirítear, ba cheart an cás a chur faoi réir nós imeachta um réiteach díospóidí.

**3. Réiteach díospóidí**

Féadfaidh an duine dá ndéantar difear iarraidh ar na húdaráis inniúla coimisiún comhairleach a chur ar bun i gcás, (a) inar dhiúltaigh údarás inniúil amháin ar a laghad gearán a chuir duine dá ndéantar difear isteach faoi Airteagal 5(1), ach ní údaráis inniúla uile na mBallstát lena mbaineann; nó (b) ghlac údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann leis an ngearán a chuir an duine dá ndéantar difear isteach ach níor tháinig siad ar chomhaontú maidir leis an gcaoi an cheist atá faoi dhíospóid a réiteach trí chomhaontú frithpháirteach laistigh den teorainn ama dá bhforáiltear in Airteagal 4(1), agus sa chás sin ní mór don choimisiún comhairleach tuairim a thabhairt

maidir leis an gcaoi an cheist atá faoi dhíospóid a réiteach. Leis an Treoir maidir leis an Sásra um Réiteach Díospóidí, tugtar solúbthacht do na Ballstáit coimisiún comhairleach a bhunú a d'fhéadfadh a bheith éagsúil maidir le comhdhéanamh, foirm, próiseas eadrána atá le húsáid agus/nó a d'fhéadfadh a bheith de chineál buan.

Ní mór don choimisiún comhairleach a thuairim a thabhairt d'údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann tráth nach déanaí ná 6 mhí, ar féidir síneadh 3 mhí eile a chur leis, tar éis an dáta a bunaíodh é. Is trí thromlach simplí dá chomhaltaí a ghlactar an tuairim. I gcás nach féidir teacht ar thromlach, cinnfidh vóta an chathaoirligh an tuairim chríochnaitheach agus cuirfear in iúl do na húdaráis inniúla é.

Ní mór do na húdaráis inniúla cinneadh críochnaitheach a dhéanamh, tar éis fógra a thabhairt faoi thuairim an choimisiúin chomhairligh. Tá 6 mhí ag na húdaráis inniúla lena mbaineann chun teacht ar chomhaontú maidir leis an gcaoi an cheist atá faoi dhíospóid a réiteach. Le linn na 6 mhí sin, féadfaidh na húdaráis inniúla cinneadh diallta a dhéanamh i gcomparáid leis an gcinneadh a sholáthraíonn an coimisiún comhairleach.

Tá an cinneadh críochnaitheach ina cheangal ar na Ballstáit lena mbaineann i ndáil leis na daoine dá ndéantar difear agus ní fasach é. Ní mór é a chur chun feidhme faoi réir an duine nó na ndaoine dá ndéantar difear glacadh leis an gcinneadh críochnaitheach agus an ceart chun aon réiteach baile a thréigean laistigh de 60 lá ón dáta ar tugadh fógra faoin gcinneadh críochnaitheach, i gcás inarb infheidhme.

## 3. Forléargas ar an gcur chun feidhme

### a. Seiceálacha trasuite

Tá an Treoir maidir leis an Sásra um Réiteach Díospóidí trasuite i gceart anois ag na Ballstáit uile. I gcás na Spáinne, seoladh nós imeachta um shárú maidir le trasuí mícheart[3]. Thug an Spáinn aghaidh ina dhiaidh sin ar na saincheisteanna a ardaíodh sa nós imeachta um shárú, ar cuireadh deireadh leis an 23 Bealtaine 2024[4].

### b. Athbhreithniú ar an gCreat Staidrimh

Faoin gCreat Staidrimh le haghaidh na Treorach maidir leis an Sásra um Réiteach Díospóidí, ceanglaítear ar na Ballstáit an staidreamh seo a leanas a chur faoi bhráid an Choimisiúin ar bhonn bliantúil[5]:

(i) Gearáin a chuirtear faoi bhráid an údaráis inniúil.
(ii) NCFanna atá á riar ag an údarás inniúil.
(iii) Gearáin atá á láimhseáil faoi chéim an réitigh díospóidí (céim na headrána).
(iv) Cinntí NCF agus Cinntí Críochnaitheacha a chur chun feidhme.

[3] INFR(2022)2096

[4] Féach Clárlann Phoiblí an Choimisiúin um Chinntí maidir le Sárú https://ec.europa.eu/atwork/applying-eu-law/infringement-proceedings/infringement_decisions/?lang_code=ga

[5] Féach suíomh gréasáin an Choimisiúin le haghaidh na sonraí: Réiteach díospóidí cánach san Aontas Eorpach – an Coimisiún Eorpach (europa.eu)

Léirítear sa tábla seo a leanas an líon cásanna faoi (i) agus (ii) arna gcur isteach ag na Ballstáit atá ar feitheamh ag deireadh gach bliana tuairiscithe:




## Gearáin arna gcur isteach

De réir an tseasaimh arna ghlacadh ag údaráis inniúla Ballstáit lena mbaineann maidir leis an ngearán a cuireadh isteach, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar cháiníocóirí achomharc a chur faoi bhráid na gcúirteanna náisiúnta faoi Airteagal 5(3) chun rochtain a fháil ar NCF nó ar chéimeanna réitigh díospóidí na Treorach maidir leis an Sásra um Réiteach Díospóidí. Ar bhonn na bhfaisnéise a fuarthas ó na Ballstáit, ní dhéantar ach achomharc amháin a chur isteach i ndáil le diúltú arna dhéanamh ag 2 Bhallstát. D'fhéadfadh an líon íseal gearán atá faoi achomharc i gcoibhneas leis an líon iomlán gearán a cuireadh isteach a léiriú go bhfuil an líon cásanna a dhiúltaigh na Ballstáit uile íseal go dtí seo.

Ina ionad sin, cuirtear aon díospóid atá fós ag céim an ghearáin ar aghaidh chuig céim NCF. Príomhtháscaire staidrimh amháin is ea an meán-am a thógann sé ar na Ballstáit gearán a dhúnadh tríd an ngearán a bheith réitithe ag na Ballstáit nó a bheith curtha ar aghaidh chuig céim NCF nó chuig céim an réitigh díospóidí. Léirítear na torthaí do na blianta 2020-23 thíos.

| Bliain | An líon Ballstát a thuairiscíonn | Gearán dúnta (i míonna) – meán an Aontais | Uasmhéid (míonna) | Íosmhéid (míonna) |
|---|---|---|---|---|
| **2020** | 2 | 1.25 | 1.5 | 1 |
| **2021** | 6 | 4.1 | 12 | 0.2 |
| **2022** | 12 | 3.9 | 6.2 | 1.8 |
| **2023** | 11 | 3.9 | 6 | 0.8 |

Dá bhrí sin, ar bhonn na sonraí arna gcur isteach ag na Ballstáit, tá formhór mór na gcásanna á ndúnadh ag na Ballstáit laistigh de 6 mhí mar a cheanglaítear leis an Treoir maidir leis an Sásra um Réiteach Díospóidí. Amach anseo, tá sé fíor-riachtanach sonraí ar an am a thógann sé gearán a dhúnadh a chur isteach chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht na Treorach maidir leis an Sásra um Réiteach Díospóidí.

## Gearáin a láimhseáiltear faoi chéim NCF

Cé gur tháinig méadú ar an líon gearán agus ar an líon NCFanna le linn na tréimhse 2020-2023, tá siad fós go mór faoi bhun an lín NCFanna atá faoin gCoinbhinsiún Eadrána faoi láthair le haghaidh na tréimhse céanna[6]. D'fhéadfadh go mbeadh cúiseanna éagsúla ann chun an líon íseal seo a mhíniú. Níl an Treoir maidir leis an Sásra um Réiteach Díospóidí infheidhme go díreach ach amháin maidir le díospóidí a thagann chun cinn ó bhliain chánach dar tús an 1 Eanáir 2018 nó ina dhiaidh sin, dá bhrí sin ní féidir cásanna níos sine a láimhseáil faoin Treoir maidir leis an Sásra um Réiteach Díospóidí[7]. Mar sin féin, tá laghdú tagtha ar an líon díospóidí a cuireadh isteach faoin gCoinbhinsiún Eadrána: tá laghdú tagtha ar an líon cásanna a cuireadh isteach in 2023 faoin gCoinbhinsiún Eadrána go 649 gcás ó 854 chás in 2022. Mar sin féin, d'fhéadfadh nach bhfuil ann ach éifeacht shealadach, agus tá sonraí ó na blianta atá le teacht ag teastáil chun treocht fhadtéarmach a dheimhniú.

Ina theannta sin, i bhfianaise an ama a thógann sé iniúchadh a dhéanamh agus cinneadh iniúchóireachta críochnaitheach a eisiúint don cháiníocóir, rachadh roinnt blianta thart sula mbeadh an cáiníocóir in ann gearán a chur isteach. Ar deireadh, tá 3 bliana ag an gcáiníocóir ón dáta a eisíodh an cinneadh gearán a thaisceadh, dá bhrí sin d'fhéadfadh sé sin míniú a thabhairt freisin ar an tréimhse ama idir díospóid a bheith ann agus í a chur isteach faoin Treoir maidir leis an Sásra um Réiteach Díospóidí.

Nuair a fiafraíodh de na Ballstáit i gcomhairliúchán na mBallstát ar thug siad aistriú chuig an Treoir maidir leis an Sásra um Réiteach Díospóidí ón gCoinbhinsiún Eadrána faoi deara, is éard a d'fhreagair a bhformhór nach raibh na sonraí acu chun an cheist a fhreagairt. Dhearbhaigh siad go bhfuil an Coinbhinsiún Eadrána fós á úsáid ag a gcáiníocóirí.

Maidir le céim an ghearáin, iarradh ar na Ballstáit an líon míonna a thógann sé chun díospóid a réiteach faoi NCF a léiriú[8]. Léirítear na torthaí do na blianta 2020 go 2023 thíos.

| Bliain | An líon Ballstát a thuairiscíonn | NCF dúnta (i míonna) – meán an Aontais | Uasmhéid (míonna) | Íosmhéid (míonna) |
|---|---|---|---|---|
| **2020** | N/B | N/B | N/B | N/B |
| **2021** | 4 | 7 | 12.5 | 3.3 |
| **2022** | 2 | 9.3 | 10.1 | 8.5 |
| **2023** | 9 | 10.9 | 21.5 | 3 |

Ar bhonn na sonraí arna gcur isteach ag na Ballstáit, tá formhór mór na gcásanna NCF á ndúnadh ag na Ballstáit laistigh de 24 mhí mar a cheanglaítear leis an Treoir maidir leis an Sásra um Réiteach Díospóidí. Mar sin féin, i bhfianaise an líon íseal cásanna

[6] Staidreamh NCF agus APA: https://taxation-customs.ec.europa.eu/taxation/statistics-apas-and-maps-eu_ga

[7] D'fhéadfadh na Ballstáit leas a bhaint as an bhféidearthacht glacadh le cásanna i ndáil le díospóidí a tháinig chun cinn roimh an 1 Eanáir 2018 lena gcumhdaítear blianta cánach roimhe sin. Sa chomhairliúchán leis na Ballstáit, níor léirigh ach 2 Bhallstát go gceadófaí sin.

[8] An líon gearán ar glacadh leo chun dul ar aghaidh chuig NCF faoi Airteagal 4(1) le linn na bliana tagartha agus an líon cinntí NCF ar ghlac an duine dá ndéantar difear leo faoi Airteagal 4(2) le linn na bliana tagartha, taispeántar iad sna sonraí staidrimh ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin dá dtagraítear i bhfonóta 5.

atá á ndúnadh faoi chéim NCF go dtí seo, bheadh sé róluath teacht ar chonclúidí. Tugadh le fios i gcomhairliúchán spriocdhírithe le Ballstát gur ó dhaoine aonair a tháinig formhór na gcásanna a cuireadh isteach faoin Treoir maidir leis an Sásra um Réiteach Díospóidí ar féidir iad a réiteach níos tapúla de ghnáth i gcodarsnacht le díospóidí a bhaineann le cuideachtaí. Is iondúil go mbíonn díospóidí praghsála aistrithe i gceist le díospóidí a bhaineann le cuideachtaí, ar díospóidí iad atá níos casta agus lena dteastaíonn níos mó ama chun iad a réiteach. Maidir le céim an ghearáin, tá sé ríthábhachtach go gcuirfidh na Ballstáit sonraí isteach chun go ndéanfaí faireachán éifeachtach maidir leis an tráthúlacht chun cás NCF a dhúnadh.

**Gearáin atá á láimhseáil faoi chéim an réitigh díospóidí**

Go dtí seo, níor cuireadh aon ghearán ar aghaidh chuig céim an réitigh díospóide (céim na headrána), agus dá bhrí sin, ní féidir measúnú a dhéanamh air. Ina theannta sin, ós rud é gur cuireadh formhór na gcásanna NCP isteach in 2022 agus in 2023 agus nár eisigh na Ballstáit na cinntí uile, tá coinne leis go mbeidh an líon cásanna a chuirfear ar aghaidh go dtí an chéim seo teoranta sna blianta amach romhainn. Mar sin féin, tá sé ríthábhachtach faireachán a dhéanamh ar an gcéim sin chun a áirithiú go mbeidh an ceart ag cáiníocóirí agóid a dhéanamh i gcoinne diúltú do chás NCF.

**Cur chun feidhme Chinntí NCF agus Cinntí Críochnaitheacha**

Ceanglaítear ar na Ballstáit an líon Cinntí NCF agus an líon Cinntí Críochnaitheacha nár chuir na húdaráis inniúla chun feidhme go fóill a thuairisciú.

Ón 31 Nollaig 2023 ar aghaidh, thuairiscigh na Ballstáit go raibh trí chinneadh NCF acu ar ghá fós do na húdaráis inniúla iad a chur chun feidhme.

### c. Réamh-aiseolas faoin iarratas

De réir thorthaí an chomhairliúcháin a rinneadh leis na Ballstáit agus thorthaí an chomhairliúcháin a rinneadh le páirtithe leasmhara[9], déantar foráil leis an Treoir maidir leis an Sásra um Réiteach Díospóidí maidir le feabhas i dtéarmaí éifeachtúlachta agus éifeachtachta i gcomparáid leis an staid a bhí ann sular cuireadh chun feidhme í. Eascraíonn sé sin as an gcaoi a ndéantar foráil leis an Treoir maidir leis an Sásra um Réiteach Díospóidí maidir le hamlínte soiléire agus sainithe, a chuirtear deiseanna feabhsaithe ar fáil léi maidir le ceart cúitimh don cháiníocóir/do na cáiníocóirí agus go bhfuil raon feidhme níos leithne aici lena gcumhdaítear ní hamháin díospóidí maidir le praghsáil aistrithe nó brabúis a shannadh do bhuanbhunaíocht ach aon díospóid a eascraíonn as léirmhíniú agus cur i bhfeidhm comhaontuithe agus coinbhinsiún lena ndéantar foráil maidir le cánachas dúbailte ioncaim a dhíchur.

Mar sin féin, thug na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara araon le fios ina bhfreagraí go bhfuil an taithí ar rialacha na Treorach maidir leis an Sásra um Réiteach Díospóidí teoranta toisc nach bhfuil na chéad chásanna de chánachas dúbailte a thagann faoi raon feidhme na Treorach maidir leis an Sásra um Réiteach Díospóidí ag teacht chun cinn ach amháin anois, mar gheall ar dhúnadh iniúchtaí cánach lena gcumhdaítear blianta cánach dar tús 2018 nó ina dhiaidh sin. Mar sin, d'fhéadfaí aiseolas teoranta nó gan

[9] Féach: Réiteach díospóidí cánach san Aontas Eorpach – an Coimisiún Eorpach (europa.eu)

aon aiseolas a sholáthar maidir le gach gné den Treoir maidir leis an Sásra um Réiteach Díospóidí agus go sonrach maidir le céim an réitigh díospóidí mar, tráth scríofa na tuarascála seo, níor bunaíodh aon choimisiún comhairleach.

Mar sin féin, rinneadh moltaí cheana chun feabhas a chur ar ghnéithe áirithe den Treoir maidir leis an Sásra um Réiteach Díospóidí a thuilleadh ó thaobh tuilleadh soiléireachta a sholáthar maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm rialacha nó sainmhínithe áirithe chun cur chuige coiteann a áirithiú. Moladh freisin leathnú a chur le raon feidhme na Treorach maidir leis an Sásra um Réiteach Díospóidí agus an sásra réitigh a úsáid chun díospóidí a bhaineann le treoracha eile i réimse na cánach dírí agus indírí a réiteach. D'fhéadfadh creat staidrimh athbhreithnithe, lena léirítear an líon gearán arna gcur isteach agus arna ndiúltú le linn na bliana tagartha, a bheith úsáideach chun críoch faireacháin.

## 4. Conclúidí agus an obair a dhéanfar amach anseo

Tá an Treoir maidir leis an Sásra um Réiteach Díospóidí trasuite go hiomlán ag na Ballstáit uile. Tá an réamh-aiseolas dearfach sa mhéid is gur cosúil go gcomhlíonann an Treoir maidir leis an Sásra um Réiteach Díospóidí na cuspóirí a leagadh síos tráth an ghlactha. Déantar foráil leis an Treoir maidir leis an Sásra um Réiteach Díospóidí maidir le sásra chun díospóidí a réiteach atá cuimsitheach, éifeachtach agus inbhuanaithe. Le seasamh feabhsaithe an cháiníocóra/na gcáiníocóirí maidir leis an gcánachas dúbailte a réiteach ar bhealach ceangailteach, rannchuidítear le timpeallacht chánach níos cothroime.

Mar sin féin, ar bhonn na sonraí staidrimh arna mbailiú ag an gCoimisiún faoin gCreat Staidrimh le haghaidh na Treorach maidir leis an Sásra um Réiteach Díospóidí agus ar bhonn an aiseolais a fuarthas ón bpobal agus ó na Ballstáit araon, is é an chonclúid ar thángthas uirthi go bhfuil taithí theoranta fós ann maidir le cur i bhfeidhm na Treorach maidir leis an Sásra um Réiteach Díospóidí. A luaithe a fhaightear níos mó taithí, ba cheart do sheirbhísí an Choimisiúin meastóireacht iomlán a dhéanamh agus, más iomchuí, moltaí a dhéanamh chun feabhas a chur ar an Treoir maidir leis an Sásra um Réiteach Díospóidí.